



Drámaíocht

Ros na Rún

8.30pm Máirt agus Déardaoin ó 5/9/17

Ollchlár Dé Domhnaigh

Tá an tsraith seo ar an sobaldhráma is daonna agus is dúchasaí ar an teilifís in Éirinn, an t-aon sobal Éireannach a bhfuil rian na tuaithe air. Tá an meon tíriúil sin agus an greann i gcroílár an dráma agus é nádúrtha dá réir, tréith a thuigeann a phobal féachana sa bhaile agus i gcéin. Ó thús TG4 tá an sobal seo ar cheann d'ancairí an chlársceidil agus is ag méadú in aghaidh an tséasúir atá an tóir atá air.

Bíonn fáil ann ar gach gné den saol comhaimseartha - ceisteanna caidrimh, grá, gnó, teannas teaghlaigh, magadh agus spochadh na gcomharsan agus mór-fhadhbanna pearsanta agus pobail le feiceáil ann. Má tá cúpla naomh ar an mbaile beag seo, tá neart rógairí ann freisin. Is mairg don té nach mbeadh ar a aire agus iad ina thimpeall.

Ach beidh scéalta grinn agus gairdis ann freisin, mar a bhíonn i ngach baile beag in Éirinn freisin.

Ag deireadh an tséasúir seo caite, tharla sléacht agus ní fios dúinn fós cé a tháinig slán agus cé nár tháinig. Beidh deireadh leis an amhras nuair a chraolfar an chéad eagrán den séasúr nua ar an Mháirt 5 Meán Fómhair.

Ní ionann a bheith beo tar éis eachtra mar seo agus teacht slán aisti agus beidh iarmhairtí agus impleachtaí go leor ag an lámhach ar shaol an bhaile bhig agus a maireann ann.

Fillfidh sean-chara, a bhí imithe le fada ar *Ros na Rún* agus ní fada go bhfuil cúrsaí grá tagtha chun cinn dá bharr. Ach ní bhíonn an grá éasca, go háirithe don té a bhfuil ceangal air/uirthi cheana féin.

Agus cúrsaí eacnamaíochta na tíre ag teacht chucu féin, feicimid gnó nua ag teacht ar an bhfód freisin agus seo chugainn pearsa aitheanta chuig an oscailt oifigiúil. Beidh Vince ag súil le brabach as.

Is cinnte go bhfuil an feall a rinneadh uirthi ag goilliúint go mór ar Mho agus beidh uirthi dul i ngleic leis na mothúcháin seo ar bhealach an-deacair an séasúr seo.

Gheobhaidh muid fianaise bhreise freisin nach bhfuil an bhróg ag luí go héasca ar an gCeannfort Uí Shé agus go bhfuil deacrachtaí ceilte teaghlaigh aici lena céile, Eric.

Gach Máirt agus Déardaoin, ollchlár ar an Domhnach.

Craoltar an t-eagrán ag 8.30pm adh le fotheidil roghnaitheacha.

Léirítear an tsraith le tacaíocht atá i bhfeidhm ag Rialtas na hÉireann do scannáin agus do dhrámaíocht teilifíse faoi Alt 481.

Léiriú le Tyrone Productions & Eo Teilifís.

Breis eolais: noreen@darcymarketingandpr.ie 086-8227556

Cine4

Scéim mhór nua scannán nua-léirithe Gaeilge atá bunaithe i bpáirt ag TG4, Bord Scannán na hÉireann (BSÉ) agus Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) do shaothair ina bhfuil scéalaíocht láidir, samhlaíocht fhísiúil agus ard-luachanna léirithe. Tugtar tosaíocht do chomhlachtaí léirithe a bhfuil polasaí soiléir acu an Ghaeilge a fhorbairt mar theanga oibre léiriúcháin agus do chomhlachtaí a bhfuil cultúr iontu i bhfabhar comhléirithe agus deiseanna idirnáisiúnta a thapú.

Ar na luath-shaothair den chineál seo, tá na saothair seo thíos, agus beidh cuid acu ar taispeáint i bpictiúrlanna ar fud na hÉireann roimh dheireadh na bliana:

Grace Harte 10pm Déardaoin ó 14/9/17

Sraith nua 3 eagrán atá suite in óstán in iarthar na tíre atá ag titim as a chéile, faoi mar atá pósadh an lánúin atá ina bhun.

Tá Grace agus Leo Harte sna daicheadaí, iad pósta le fada agus i mbun Óstán Harte le tamall maith freisin. Níl bail iontach ar an ngnó agus measann Grace gur cheart dóibh an t-óstán a athchóiriú le borradh a chur faoi agus faoina gcaidreamh freisin, b'fhéidir. B'fhearr le Leo rudaí a fhágáil mar atá.

Tosaíonn an scéal ag deireadh an tséasúir turasóireachta, tráth a dtagann Danny, fear óg fuinniúil, ar an láthair agus scoil nua surfála oscailte aige in aice láimhe, ag breith buntáiste ar an margaíocht atá déanta ag Slí an Atlantaigh Fhiáin don cheantar cósta seo.

Nuair a admhaíonn Grace do Danny go mbíonn scaití ann nuair ab fhearr léi nach mbeadh Leo ina saol ar chor ar bith, téann an fear óg i mbun gnímh lena mharú ach ní mar a shíltear a tharlaíonn.

Antoine Ó Flatharta a scríobh agus is í **Martha O'Neill** a léirigh. Orthu sin atá páirteach tá **Kate Nic Chonaonaigh, Dara Devaney, Eoin Ó Dubhghaill, Elise Brennan, Bríd Ní Neachtain, Sorcha Ní Chéide, Eoin Geoghegan, Colm Mac Giolla Easbuic, Peadar Cox, Eileen Byrne, Eoin MacDiarmada agus Norma Sheahan.**

Fuair an togra seo tacaíocht ón scéim Fuaim & Fís ag Údarás Craolacháin na hÉireann, ón scéim atá i bhfeidhm ag Rialtas na hÉireann do scannáin agus do dhrámaíocht teilifíse faoi Alt 481 agus ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann.

Léiriú le Wildfire Films. rory@wildfirefilms.net 01-6725553

Aithrí (earrach 2018)

Mórscannán nua le Tom Collins a insíonn scéal dátheangach faoi shagart, An tAthair Eoin Ó Dónaill. Feictear ann go n-úsáideann sé a thionchar ar a phobal sna heachtraí a thit amach roimh Éirí Amach 1916, go mór mór lena thionchar ar Antaine, déagóir. Ach bhí toradh gan choinne ar an tionchar seo. Leathchéad bliain ina dhiaidh sin, castar an bheirt ar a chéile arís i nDoire sa mbliain 1969, áit a bhfuil orthu athbhreithniú a dhéanamh ar na heachtraí a tharla dóibh fadó.

Is é Tom Collins an stiúrthóir, fear a bhfuil go leor príomhscannáin agus cláracha faisnéise d'ardghradam léirithe agus stiúrtha aige. Is é a stiúraigh *Hush-a-Bye Baby* i 1988 agus tá a shaothar roghnaithe faoi dhó mar iontráil na hÉireann do ghradam Oscars, *Kings*, (2008) agus *An Bronntanas*, (2014).

Rinneadh an scannánú ar an láthair i nDún na nGall agus i nDoire.

Léiríodh an scannán le tacaíocht na scéime atá i bhfeidhm ag Rialtas na hÉireann do scannáin agus do dhrámaíocht teilifíse faoi Alt 481.

Léiriú le Zanzibar Films agus De Facto, léirithe ag Edwina Forkin agus Tom Collins

An Béal Bocht (Earrach 2018)

Leagan anamúlachta den aoir aitheanta le Myles na gCopaleen (Brian Ó Nualláin), an t-aon leabhar Gaeilge óna pheann agus an saothar is greannmhaire ar fad, uaidh, meastar.

Foilsíodh an bun saothar sa mbliain 1941, dírbheathaisnéis, mar dhea, ógfhir Gaeltachta atá i nGéibheann Shligigh agus é ag cuimhneamh siar ar a óige i mbochtaineacht na tuaithe agus ar na foghlaimeoirí Gaeilge a thagadh sa Samhradh.

Glactar leis gur mar scith-mhagadh ar na leabhra aitheanta dírbheathaisnéise Gaeltachta a foilsíodh i dtúsbhlianta an tSaorstáit a scríobh Myles an saothar próis seo.

Seo anois é, curtha i láthair den chéad uair don scáileán agus sin déanta go healaíonta mar shaothar anamúlachta, an chéad iarracht sa bhformáid áirithe seo ag an stiúrthóir aitheanta, Tom Collins. Is é **John McCloskey** a rinne an anamúlacht agus a d'oibrigh i ndlúth pháirt leis. **Pearse Moore** a léirigh agus rinneadh an anamúlacht sa Nerve Centre i nDoire.

Ar an gcliar guthaithe, tá **Seán Misteál, Donncha Crowley, Tommy Tiernan agus Bob Quinn, Pól Ó Gríofa, Mairéad Ní Ghallchóir agus Peadar Cox.**

Fuair an togra seo tacaíocht ón scéim Fuaim & Fís ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann.

Comhléiriú le Raw Nerve Productions agus De facto Films.

Teagmháil; Pierce Moore, Raw Nerve Productions Limited, p.moore@nervecentre.org

Song of Granite

(Sna pictiúrlanna faoi Shamhain agus le craoladh in Earrach 2018)

Saol agus oidhreacht an fhonnadóra **Joe Éinniú**, a áirítear ar dhuine de mháistrí an tsean-nóis.

Fáisceadh as tobar an dúchais é in Iorras Aithneach in iarthar Ghaeltacht na Gaillimhe agus cé gur sa gcontae sin agus i mBaile Átha Cliath a fuair sé a chuid oideachais, ní fada gur ar imirce a bhí sé agus is thar sáile a chaith sé an chuid eile dá shaol, an chuid is mó de i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Agus é ansin, thuill sé clú agus cáil agus cé gur mhinic é ar cuairt go hÉirinn, mheas sé féin agus ghoill sé air, gur sa tír thall is mó a fuair a chuid amhránaíochta aitheantas agus gradaim.

Duine cumasach casta ab ea Joe agus tugann an saothar seo, ina bhfuil drámaíocht agus gnéithe faisnéise, léargas tuisceanach fírinneach ar a shár-chumas mar amhránaí agus mar scéalaí agus ar a chuid duáilcí freisin mar dhuine agus mar pháirtí agus tuismitheoir.

Orthu sin atá páirteach, tá **Macdara Ó Fátharta, Micheál Ó Confhaola, Jaren Cerf, Pól Ó Ceannabháin** agus **Colm Seoighe**.

Pat Collins a stiúraigh. Alan Maher, Jessie Fisk agus Martin Paul-Hus a léirigh.

Léiríodh an scannán le tacaíocht na scéime atá i bhfeidhm ag Rialtas na hÉireann do scannáin agus do dhrámaíocht teilifíse faoi Alt 481, ón scéim *Fuaim & Fís* ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus ó chistí eile i gCeanada.

Leirú le Marcie Films. alan@marciefilms.com

Murdair Mhám Trasna (The Mám Trasna Murders)

(Taispeántas poiblí ag Oireachtas na Samhna agus le craoladh in Earrach 2018)

Fadscannán drámaíochta/faisnéise ina dtugtar chun cuimhne an dúnmharú brúidiúil a rinneadh ar theaghlach i gceantar iargúlta Mhám Trasna ar theorainn na Gaillimhe agus Mhaigh Eo sa mbliain 1882.

Thuill na heachtraí fuilteacha seo, a tharla i ndorchadas na hoíche, poiblíocht ar fud an domhain ag an am. Ach rinne an triail inar cuireadh an choir in aghaidh roinnt fear ón gceantar brachán iomlán den scéal. Riaradh an triail go hiomlán trí mheán an Bhéarla, teanga nach raibh ag na fir a bhí cúisithe. Bhí an t-ionchúiseamh bunaithe go hiomlán ar fhianaise bhréige. B'í an bhreith gur daoradh agus gur crochadh daoine go éagórach agus gur gearradh príosúnú saol ar dhaoine neamhchiontacha.

Chuir sin – agus caint ionraic dhuine acu agus é ag dul chun a chrochta, an saol Fódhlach agus a cairde na hÉireann thar sáile ar mire. Tá an cás ina ábhar conspóide go dtí an lá inniu mar go bhfuil an scéal ar fad ar maos le brathadóirí, mímhacántacht na n-údarás agus na huasaicme agus ar ró-dheifir leis an bhfiosrúchán de thoradh brú polaitiúil.

Colm Bairéad a stiúraigh, **Ciarán Ó Cofaigh** a léirigh, **Colm Hogan** a stiúraigh na ceamaraí agus b'é **Conor Dennison** a dhear.

Orthu sin atá páirteach, tá **Dara Devaney**, **Pól Ó Gríofa**, **David Heap**, **Aidan O'Hare** agus **Peadar Ó Treasaigh**.

Fuair ann togra tacaíocht ón scéim *Fuaim & Fís* ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus tacaíocht ón scéim atá i bhfeidhm ag Rialtas na hÉireann do scannáin agus do dhrámaíocht teilifíse faoi Alt 481.

Léiriú le by Rosg eolas@rosq.ie 091 553951

Rocky Ros Muc

(Sna pictiúrlanna Deireadh Fómhair agus le craoladh in Earrach 2018)

Fadscannán faisnéise a insíonn scéal an dornálaí is iomráití riamh as Conamara ach a chuimsíonn go leor gnéithe eile dá shaol le léargas géarchúiseach ar raon leathan ábhar – an imirce, cathú na coiriúlachta, an grá agus cumha an deoraí atá i bhfad ó bhaile. Tá an saothar seo bunaithe ar dhuais-leabhar Rónáin Mhic Con Iomaire den teideal céanna.

Bíodh gurbh as pobal iargúlta Gaeltachta a fáisceadh é agus go raibh an eacnamaíocht in Éirinn is ísle brí agus é ag teacht in aois fir sna 1970idí, d'oscail a chumas mar dhornálaí doirse go leor dó.

Anonn go Boston Mheiriceá leis, roghnaigh sé an dornálaíocht ghairmiúil mar shlí bheatha agus d'éirigh leis dul chun cinn sa ngairm dhúshlánach sin. Go deimhin bhí babhta aige don chraobh dhomhanda WBA na dornálaíochta i mí Dheireadh Fómhair na bliana 1984 i nGairdíní Chearnóg Madison i Nua Eabhrac.

Níor dhíreach, mín ná réidh a thuras go barr dhomhan gairmiúil na dornálaíochta. Níor dhíreach, mín ná réidh a mheath ach oiread.

Tá duaiseanna go leor buaite ag an saothar seo cheana féin, ina measc ag Féile Scannán Éireannach Bhoston agus Fleadh Scannán na Gaillimhe.

Máire Bhreathnach a léirigh. Michael Fanning a stiúraigh.

Fuair an togra seo maoiniú ó Bhord Scannán na hÉireann, ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann, ón scéim *Fuaim & Fís* ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus ó MG Alba.

Léiriú le Below the Radar. mbhreathnach@belowtheradar.tv 04890315522

Sraitheanna Drámaíochta Iasachta

Follow the Money

Sraith cháiliúil ón Danmhairg a thugann léargas ón taobh istigh ar an uisce faoi thalamh, an tsaint agus an cíocras a spreagann lucht an airgid. Léiríonn an tsraith seo gur iomaí cineál duine atá ite ag dúil san airgead – ach nach aingeal gach duine agus nach bithiúnach gach éinne ach oiread.

Mr Robot

Ar dara séasúr den scéinséir atá suite i saol dorcha na ríomhaireachta agus coraí cruá le fulaingt ag an bpríomh-charachtar, Elliot.

Scannáin

Scannán na Seachtaine

9.30pm Dé Luain

Is iondúil gurb í an oíche Luain an oíche is suaimhní den tseachtain agus tá rogha tharraingteach scannán aitheanta á soláthar ag TG4, saor go haer, a choinneoidh comhlúadar leat, a mheallfaidh d'aird agus a spreagfaidh d'intinn freisin.

Ar na teidil a chraolfar an séasúr seo, tá: ***Dallas Buyers Club, World Trade Centre, Pain & Gain, Goodbye Bafana, John Grisham's The Rainmaker, J Edgar, The Kite Runner, The Manchurian Candidate, The Ring, Shuttter Island, Narc, Super 8, Things We Lost in the Fire*** agus ***Up in the Air***.

An Western oíche Aoine

An réimse scannán is ansa le go leor de lucht féachana TG4 agus ar na teidil aitheanta a chraolfar an séasúr seo, beidh: ***The Alamo, The Wonderful Country, Barquero, Comanche, Robbers Roost, The Brass Legend, The Cowboys, Vendetta, Rio Grande*** and ***True Grit***.

Movie an tSathairn

Ar na teidil an séasúr seo, beidh: ***The Browning Version, Men Women & Children, Big Night 1996, The Guilt Trip, A Cry in the Dark, Freedom Writers, The Generals Daughter, Killing Bono, I Love You Man, Just Like Heaven, The Life Before her Eyes, Margot at the Wedding, Extract, Mack the Knife, Night Falls on Manhattan*** agus ***Winter Solstice***

Nuacht/Cúrsaí Reatha

Nuacht TG4 (7pm gach lá)

Eimear Ní Chonaola agus an fhoireann fhuinniúil ***Nuacht TG4*** a thugann *súil eile* na nuachta chugainn seacht lá na seachtaine: scéalta sainsiúla Gaeltachta agus Gaeilge, scéalta áitiúla agus réigiúnacha chomh maith leis an nuacht náisiúnta agus idirnáisiúnta: sin atá ag croí ***Nuacht TG4***.

Tá Taoiseach nua againn, ní fios fós an mbeidh Olltoghchán agus Toghchán Uachtaránachta againn i 2018, tá Reifrinn go leor á ngeallúint agus tá an caidreamh polaitiúil sa Tuaisceart níos casta ná riamh - an pobal ansin gan Feidhmeannas áitiúil i Stormont agus an Rialtas i Westminster ag brath ar thacaíocht ó fheisirí an DUP. Ní suaimhneas, ach a mhalairt atá le brath ar fud na cruinne agus ceannairí trodacha ar chuid de na mór-chumhachtaí domhanda.

Sin ar fad agus muid fós ag tús na gcomhráití foirmiúla idir an tAontas Eorpach agus An Bhreatain faoin mBreatimeacht, an cor polaitiúil is cinniúnaí i stair na hEorpa le trí scór bliain ar a laghad.

Níl aon mhaolú ach oiread ar go leor ceistanna comhshaoil, sóisialta agus cultúrtha atá ag déanamh tinnis do dhaoine áirithe anseo sa mbaile agus i gcéin.

Mar aon le ***Nuacht TG4*** an lae, bíonn togha na seachtaine in ***Timpeall na Tíre*** gach deireadh seachtaine agus craoltar an feasachán laethúil ar na meáin shóisialta gach lá freisin.

Beidh ***Nuacht TG4*** ag teacht beo ó **Oireachtas na Gaeilge 2017** trí oíche as a chéile faoi Shamhain i gCill Airne agus beo freisin ó lár an aonaigh ag an gComórtas Náisiúnta Treabhadóireachta i gCo Uíbh Fhailí i mí Mheán Fómhair.

Nuacht TG4: ag croí an scéil, ina cuid den lá ag teacht chugat gach lá den bhliain agus ón stiúideo mór nua-dheartha ó thús na Samhna, áis a chuirfidh go mór leis an soláthar nuachta agus cúrsaí reatha agus beidh clár nua cúrsaí reatha á léiriú ón stiúideo nua ó thús 2018.

Craolfar freisin 4 eagrán speisialta de chúrsaí reatha as seo go Nollaig, ó láithreacha éagsúla ar fud na tíre.

An Aimsir Láithreach

Is maith an scéalaí an Aimsir! Tá idir stair agus fháistine ar fáil ó sheirbhís aimsire TG4, eolas agus graificí atá soiléir snasta mar aon le láithreoirí a bhfuil fios a gceirde acu. Tá an t-eolas ar fad acu. Níl aimsir is fearr ná aimsir TG4.

Seo ord agus ábhar na gcraolta aimsire ar TG4 gach lá

5.30pm	-	Náisiúnta agus cósta
6.58pm	-	Tuar d'iascairí
11.00pm	-	Náisiúnta agus cósta

Bíonn tuar 5 lá chun cinn ar fáil go leanúnach ar www.tg4.ie/aimsir

Tig leat freisin an fhaisnéis is deireanaí aimsire a fháil uainn ar twitter @AimsirTG4 agus tá feiceáil ar feadh an lae ar an tuar, ar na beo-phictiúir ó cheamaraí Aimsire TG4 i mBaile na hAbhann, Dún Chaoin, An Rinn, Gaoth Dobhair agus Béal Feirste, mar aon le rogha-liosta de théarmaí aimsire Gaeilge sna mór-chanúintí ar fad ar fáil ar www.tg4.ie/aimsir

Fíorasach

Poc na nGael

6/9/17 9.30pm

Tá an ghreim chéanna ag an haca oighir ar phobal Cheanada is atá ag an iomáint ar phobal na tíre seo – agus ní dona an chomparáid í sin mar go léirítear sa gclár faisnéise seo go bhfuil ceangal agus gaol eatarthu. Go deimhin is léir gur ón iomáint a shíolraigh an haca oighir, ó cuireadh tús leis ar lochán reoite in Alba Nua dhá chéad bliain ó shin.

Sa gclár seo, téann an laoch imeartha agus bainistíochta leis an gClár, **Ger Loughnane**, ar thuras eolais agus fionnachtana go Ceanada, go bhfiosróidh sé na snátha gaoil agus staire idir an dá spórt seo.

Is fear é Ger nach gcuireann fiacail ina chuid tuairimíochta ach is minic é ina thost agus é a cur lena chuid tuisceana ar an gcomaoin a chuir na Gaeil ar spórt náisiúnta Cheanada.

Léiriú le Fócas Films Teo. Eamon Ó Cualáin, 087-9335382 eamonn@sonta.ie

An Pháirc 9.30pm 27/9/17

Tá áit ar leith ag Páirc Uí Chaoimh i gcroíthe mhuintir Chorcaí. Idir chluichí do-chreidte agus ceolchoirmeacha mealltacha, tá na mílte tar éis triall cois Laoi ó ar fud an chontae, an chúige agus go deimhin na tíre.

Agus an sean-staid leagtha agus ath-thógtha, tugann an clár faisnéise tráthúil seo imreoirí, ceoltóirí agus lucht leanta siar ar bhóithrín na cuimhne chomh maith le léargas a thabhairt ar an ath-thógáil agus í ag druidim i dtreo sprice.

Orthu sin atá páirteach, tá **Dónal O'Grady, Seán Ó Sé, Micheál Ó Muircheartaigh; Seán Óg Ó hAilpín, Billy Morgan, Dinny Allen, Ger Cunningham, Dara Ó Cinnéide; Barney Rock, Jack O'Shea, Seán Bán Breathnach, Nicky English, Diarmuid Ó Donnabháin, Diarmuid Ó Drisceoil agus Michael Moynihan.**

Léiriú le Nemeton. 058-46499

I bhFómhar na bliana 1588 scriosadh long Armada an Chaptaen Francisco De Cuéllar amach ó chósta Shligigh, cuid den eachtra a chuir deireadh le dóchas na nGael go dtiocfadh cabhair ón Spáinn. Tháinig De Cuéllar féin slán agus chaith sé breis is leatbhliain ina dhiaidh shin in Éirinn, ag iarraidh a bhealach a dhéanamh abhaile.

D'éirigh leis agus nuair a d'fhill sé ar Mhadrid, scríobh sé cuntas ar a chuid eachtraí, seod luachmhar staire ina bhfuil cur síos ar chathanna fuilteacha a fearadh, léigir ar theip orthu, ionsaithe ó fhoghlaithe agus iarrachtaí na mban é a mhealladh. Tugann an cuntas seo léargas cuairteora dúinn ar shaol na hÉireann roimh theacht na bplandálaithe, tráth arbh iad an Ghaeilge (agus Laidin) teanga an lucht ceannais agus léinn.

Trí mheán na teilifíse, eachtraíonn an fad-chlár faisnéise seo, ón léiritheoir aitheanta Antaine Ó Donnaile, an scéal iontach ilghnéitheach a scríobh an Spáinneach, rud nach bhfuil a shárú ann, cuntas ó pheann duine a bhí ar an láthair.

Cuimsíonn an clár míreanna drámaíochta d'eachtraí ón gcuntas, tráchttaireacht ó staraithe aitheanta agus cuairteanna ar láithreacha in Éirinn, in Albain agus sa mBeilg ina labhraíonn Antaine le muintir na háite, féachaint len fháil amach cén oidhreacht, más ann di, a d'fhág an Spáinneach ina dhiaidh.

Fuar an togra seo tacaíocht ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann

Beatha eachtrúil an dornálaí Tom Molineaux, fear den chine gorm, a rugadh i Stáit Aontaithe Mheiriceá sa mbliain 1784 a chaith an dara leath dá shaol gearr i Sasana agus in Éirinn, áit ar bhásaigh sé in 1818. Cé gur chruthaigh sé go maith mar dhornálaí, ní bhfuair sé cothrom na féinne ón lucht ceannais agus nuair a theip air, fuair a dhúil sa deoch an ceann is fearr air. Is i mbeairic airm i gcathair na Gaillimhe a bhásaigh sé, gan pingin ná leithphingin agus is i Muirbheach, ar cholbha thoir na cathrach sin, atá an fear bocht curtha, de réir mar a chruthaítear sa gclár nua seo.

Cuimsíonn a shaol go leor de mhór-cheisteanna staire a linne – an ciníochas, an sclábhaíocht agus an éagóir a himríodh ar na bochtáin ar chaon taobh den Aigéan Atlantach.

Fear mór láidir a bhí ann, iar-sclábhaí gorm a rugadh i stát Virginia, ach chuaigh a chumas mar dhornálaí chun tairbhe dó. D'éirigh leis agus thug sé a aghaidh ar Shasana agus thug dúshlán na ndornálaithe ansin. Rinneadh éagóir air sa gcró dornálaíochta níos mó ná uair amháin agus níor éirigh leis Craobh Shasana a bhuachan. Is cinnte go raibh ciníochas follasach i gceist agus chuaigh an saol ina aghaidh ina dhiaidh seo agus é trom ar an ól.

Rinneadh an scannánaíocht don chlár seo ar an láthair i Meiriceá, i Sasana agus in Éirinn agus tá míreanna ann ón scannán *When Giants Fought*, scannán a léiríodh nócha bliain ó shin faoin troid idir Molineaux agus Tom Cribb, seaimpín Shasana, scannán nach bhfeictear go minic.

Des Kilbane a léirigh.

Fuair an togra seo tacaíocht ón scéim *Fuaim & Fís* ag Údarás Craolacháin na hÉireann.

Léiriú le DesK Productions des.kilbane@gmail.com 086 8454153.

Mary Elmes - Gairm chun gnímh 8/11/17

Saol agus saothar mná as Corcaigh a thug blianta fada ag cabhrú leo sin a bhí faoi bhrú agus faoi ghéarleanúint sa gcogaíocht a rinne scrios san Eoraip sa trian láir den aois seo caite.

Bean ar leith ab ea Mary Elmes, a rugadh i gcathair Chorcaí, sa mbliain 1908, áit a raibh gnó poitigéara ag a hathair ar Shráid Winthrop. Bhain sí céim amach ó Choláiste na Tríonóide sa mbliain 1928, le hard-mharcanna agus Bonn Óir le scoláireacht chuig an London School of Economics. Spreag seo a suim sa bpolaitíocht agus thug uirthi dul chun na Spáinne le cabhrú leo sin a bhí gafa leis an gCogadh fuilteach Cathartha ansin. Chaith sí tréimhsí ag tiomáint otharchairr agus ag obair in ospidéal.

Nuair a rinne arm buacach Franco géarleanúint ar an taobh Poblachtach, chuaigh Mary Elmes á dtionlacan ar deoraíocht trasna na teorann go campa géibhinn Rivesaltes in aice le Perpignan na Fraince. Ar an drochuair nuair a ghabh na Gearmánaigh an taobh sin sa Dara Cogadh Domhanda, b'as an gcampa seo a thosaigh siad ag seoladh príosúnach soir go dtí na campaí marfacha inar cuireadh na céadta míle duine chun báis. Shaothraigh Mary Elmes go dícheallach ag iarraidh páistí Giúdacha a tharrtháil ón gcinniúint sin agus rinne sí éachtaí ar a son.

Is í an t-aon Éireannach ar bronnadh an gradam aitheanta daonnachtúil "*Fírén i measc na Náisiún*" as a saothar. Bhásaigh sí sa mbliain 2002.

Páirteach sa gclár seo, tá beirt dá clann, **Caroline agus Patrick Danjou, An Dr Róisín Healy, an Dr. Ciara Breathnach agus An Dr. Gearóid Barry.**

Fuair an togra seo maoiniú ó scéim *Fuaim agus Fís* Údarás Craolacháin na hÉireann.

Léiriú le Midas Productions, Mike Keane mike@midasproductions.ie

Scéal Bhenny Lynch

Clár nua faisnéise faoi dhornálaí de bhunadh Thír Chonaill (1913-1946) a rugadh agus a tógadh in Albain agus a thuill clú agus cáil sa gcró dornálaíochta ina óige. Áirítear é ar dhuine de na dornálaithe éadrom-mheáchain ab fhearr riamh.

Bhuaigh sé craobhacha na hAlban, na Breataine, na hEorpa agus an Domhain sna blianta 1934 agus 1935 ach faraor, fuair an t-ól greim air gur thug a bhás agus gan é ach trí bliana déag is fiche.

Orthu sin atá faoi agallamh sa gclár seo tá curaidh domhanda **Bernard Dunne, Jim Watt** agus **Barry McGuigan**.

Comhléiriú é seo le MG ALBA a fuair tacaíocht freisin ó Creative Scotland.

Léiriú le Square One Productions. Shane Tobin. info@sq1.ie 087-2467889

Anseo i lár an Ghleanna

Tugann an saothar nuálach seo léargas dúinn ar mheath ceantair in imeacht bliana agus ar iarrachtaí misniúla an phobail an fód a sheasamh ainneoin neamhshuim na n-údarás agus fórsaí cumhachtacha eacnamaíocha atá ag treisiú na himirce.

Seo bliain i Loch Con Aortha, ceantar iargúlta in Iorras Aithneach in iarthar Ghaeltacht na Gaillimhe. Tá an baile beag fearainn seo suite faoi bhun Chnoc Mordán, an cnoc is airde sa gceantar agus falla cosanta an phobail ar feadh na gcéadta bliain.

Ach is baolach nach aon chosaint é Cnoc Mordán feasta ón namhad is mó atá ag cur léigir ar an gceantar seo. Tá saol traidisiúnta an phobail ag titim as a chéile. Tá a theanga agus an cultúr atá fite ann faoi bhrú. Níl aon tionscal ann a ghinfidh an fhostaíocht is gá le daoine óga agus teaghlaigh a chothú agus a choinneáil sa mbaile seachas dul ar imirce soir go cathair na Gaillimhe, go Baile Átha Cliath nó thar sáile ar fad. Ach dá bhaolaí an easpa fostaíochta is measa fós an easpa mhisnigh.

Páirteach sa gclár tá **Seán Ó Cualáin, Máirtín Ó Súilleabháin, Josie Ó Súilleabháin, Paddy Ó Súilleabháin, Máirtín Ó Loideáin** agus **Barbara Uí Neachtain**.

Fuair an togra seo maoiniú ó scéim *Fuaim & Fís* Údarás Craolacháin na hÉireann.

Léiriú le Mordán Teo Seán Ó Cualáin. Seancarna77@gmail.com

Bus Ghlaschú

Creideann daoine áirithe go gcaithfeadh go bhfuil ceangal imleacáin de shaghas éigin idir Dún na nGall agus cathair Ghlaschú in Albain. Is cinnte go bhfuil daoine ag dul anonn is anall eatarthu leis na céadta bliain.

Go minic, b'é an bus an t-aon mhodh taistil poiblí idir an dá áit agus tugann an tsraith 4 chlár seo léargas dúinn ar an gceangal sin sa lá atá inniu ann agus ríomhann cuid den stair agus den seanchas a bhaineann leis an gcaidreamh ilchineálach atá idir an dá áit.

Is beag gné den saol nach bhfuil feicthe ag tiománaithe agus paisinéirí an bhus ar leith seo. Breith, bás agus bainis, tá an bus ann le friotháil ar an uile dhuine.

Orthu sin atá páirteach, tá úinéirí na gcomhlachtaí bus, **Feda Ó Domhnaill, John McGinley** agus **Antoine Ó Dochartaigh** agus a gcuid tiománaithe, **Pádraig Ó Fearraigh** agus **Séamus Ó Dochartaigh**, agus na paisinéirí, ina measc **Packie Bonner**, cúlbáire iomráiteach na hÉireann agus Cheiltigh Ghlaschú, a rinne an turas bus chaon bhealach go minic agus é ina imreoir óg agus **Lorraine McIntosh** ón ngrúpa aitheanta ceoil *Deacon Blue*.

Helena Gallagher a léirigh.

Léiriú le HG Productions helena@hgproductions.co.uk

Noel Hill (Earrach 2018)

Clár pearsanta faoi chúpla cor cinniúnach i saol an cheoltóra traidisiúnta is aitheanta leis an gconsairtín lena linn.

Ag tús na Mílaoise, bheartaigh Noel Hill tabhairt faoi ré nua dá shaol. Bhí sé tuirseach de shaol na príomh-chathrach agus bheartaigh sé a chlann óg a bhogadh siar go Gaeltacht Chonamara. D'éirigh go maith leis an athrú saoil ach sa bhliain 2008, tar éis aighnis faoi obair thógála ar a theach, d'ionsaigh fear áitiúil é i dteach tábhairne. Tugadh droch-bhualadh dó, a d'fhág gan aithne, gan urlabhra é agus droch-bhail ar a éadan agus ar logall a shúile ach go háirithe.

Bhí sé tamall fada ag teacht chuige féin ina chorp agus de thoradh an ionsaithe, thit an galar dubhach air. Bhí sé faiteach faoi imeacht ón teach sa mbaile, cor tubaisteach d'fhear a bhí ag brath ar an gceol mar shlí mhaireachtála. Ghin an cás cúirte a lean as an eachtra poiblíocht agus thug ar ais chun cuimhne rudaí ar bhfearr le duine gan dul siar orthu.

Anois, tá an ceol ar ais ina shaol, agus é ag teacht chuige féin ach é ag smaoineamh ar bhogadh as Conamara tar éis ar tharla dó ann.

Léiriú le Maga Media. Paddy Hayes magamedia@gmail.com 091-577044

Son of Kerry, Son of Sam (Earrach 2018)

Scéal bleachtairachta ó Nua Eabhrac ina bhfeicimid go ndearna póilín as Ciarraí éacht agus é ag ceann an fhiosrúcháin sa tóir ar dhúnmharfóir brúidiúil a chuir alltacht agus scéin i bpobal na cathrach sin ar feadh bliana agus breis. Mharaigh **David Richard Berkowitz** seachtar agus lámhach seisear eile go dona sa tréimhse Meitheamh 1976 nó gur gabhadh é i mí Lúnasa 1977. Bhí sé ar cheann de na babhtáí dúnmharaithe ba scéiniúla riamh i stair na cathrach sin.

Sa gclár seo, téann an duais-iriseoir **Seán Mac an tSíthigh** go Nua Eabhrac le scéal an fhiosrúcháin a ríomh agus faigheann amach gurbh é a chomh-Chiarraíoch, an Cigire-Phóilín **Timothy J. Dowd** a rugadh agus a tógadh i gCaisleán na Mainge an té a stiúraigh an fiosrúchán go stuama gairmiúil nó gur aimsigh an dúnmharfóir a chuir an chathair trí chéile agus ollscanradh ar a pobal ar feadh bliana.

Laoch ab ea an Dúbhach ina chathair altrama agus mhair sé go raibh beagnach céad bliain d'aois. Is mithid a scéal a thabhairt chun cuimhne ina thír dhúchais, daichead bliain ina dhiaidh seo.

Léirithe ag Mary Brophy. Stiúrtha ag Neal Boyle.

Fuair an togra seo maoiniú ó scéim *Fuaim & Fís* Údarás Craolacháin na hÉireann.

Léiriú le IWR Media, mary@iwrmedia.com 056-7712663

Puncaí na hÉireann (Earrach 2018)

Is beag faisean ceoil sa ceathrú ceathrú den aois seo caite a spreag oiread conspóide agus cáinte leis an gceol punc. Tháinig sé aniar aduaidh ar an saol agus bhain stangadh as tuismitheoirí agus as tráchtairí sna meáin freisin.

Bhí an ceol garbh agus garg agus fearg agus diúltú d'aon chineál údaráis mar théama sna liricí agus chuir alltacht agus déistin ar go leor daoine a chuala é. Anuas air sin bhí éide na bpuncaí thar a bheith difriúil – giobail, gruaig stoithneach agus bioráin thrí chluasa, srón agus liopaí freisin.

Fiosraíonn an clár seo an oidhreacht a d'fhág an ré seo ar cheathrar as Corcaigh a cheangail leis an saol punc sna 1970idí. D'fhág an cinneadh a rian orthu mar dhéagóirí, mar thuismitheoirí agus anois mar shean-tuismitheoirí.

Déaglán Ó Mocháin a léirigh.

Fuair an togra seo tacaíocht ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann

Léiriú le Dearcán Media domocháin@hotmail.com 0489071377275

Sraitheanna Fíorasacha

Níos Mó Ná Cluiche 9.30pm =Céadaoin ó 13/9/17

Deir go leor de na staraithe nach féidir stair na hÉireann le sé scór bliain a thuiscint go hiomlán gan grinnstaidéar a dhéanamh ar Chumann Lúthchleas Gael go náisiúnta agus go logánta. Tá rian agus tionchar CLG chomh domhain sin i ngach paróiste gur doiligh aon cheist pholaitiúil, chultúrtha ná shóisialta a ríomh gan teagmháil leis an gCumann.

Is géire fós an scéal i gCúige Uladh, áit a bhfuil an stair, an saol agus an sochaí fite fuaithe ina chéile níos casta ná in aon áit eile ar an oileán.

Seo anois sraith nua a scrúdaíonn stair agus tionchar CLG sa gcúige sin, á chur i láthair ag **Jarlath Burns**, fear a bhfuil a chuid dintiúirí saothraithe go maith aige mar imreoir, mar mhúinteoir, mar anailísí agus mar oifigeach.

Tugann an tsraith nua seo faoi scéal CLG i 9 gcontae Uladh a insint le cabhair míreanna cartlainne, staraithe agus fianaise ó bhéal na mball agus lucht a gcáinte.

Orthu sin atá páirteach tá **Joe Kernan** agus **Mickey Harte**.

Fuair an togra seo tacaíocht ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann.

Léiriú le DoubleBand Films dlavery@doublebandfilms.com 00447713244916

Súile Londain 9.30pm Déardaoin ó 07/09/17

Tá triall na n-imirceach as Éirinn ar phríomhchathair Shasana leis na céadta bliain agus cé gur imirce éigeantach a thug go leor acu ann sna blianta atá caite, níl sin fíor i gcás go leor den ghlúin reatha Éireannach atá ag cur fúthu sa gcathair cois Thames.

Tugann an tsraith 4 chlár seo léargas dúinn ar shaol na glúine sin agus ar saol i Londain, cathair ilchliníoch ina bhfuil cónaí ar 8 milliún duine.

Orthu sin atá páirteach, tá **Claire Ní Thaidhg**, bean as Maigh Eo atá ag obair i Westminster, ceantar na cumhachta i Londain agus duine de cheannairí na gluaiseachta *Irish4Europe* ansin. Cé gur ar an bpolaitíocht thall is géire a haire, níl a suim i gcúrsaí peile a contae dúchais laghdaithe ná baol uirthi.

Is as Béal Feirste ó dhúchas do **Chairbre Ó Cairealláin** agus is beag a shíl sé gur le Arsenal, ceann d'fhoirne saibhre sacair Londain, a bheadh sé ag saothrú ach sin mar atá. D'éirigh leis socrúchán taithí oibre a fháil le foireann faoi aois an chlub sin agus chruthaigh sé chomh maith sin go bhfuil sé anois mar Chóitseálaí Nirt agus Cleachtadh le foireann na mban ansin. Ní lú a shuim ina chultúr dúchais, áfach.

Is páirtithe gnó agus lánúin phósta iad **Cillian Ó Donnachadha** agus **Sharon Sexton** a bhfuil a gcompántas amharclannaíochta féin *Biscuits for Breakfast*, á riaradh acu i Londain, ceann de mhór-ionaid amharclannaíochta an domhain. Is lánúin ilsciliúil iad ach tá dian-iomaíocht acu sa margadh seo.

Is as Machaire Rabhartaigh i nGaeltacht Thír Chonaill do **Áine Ní Laifeartaigh**. Cé gur in Albain a fuair sí a cuid oiliúna, is in ospidéal mór i Londain a fuair sí fostaíocht agus tá iníon bheag, Ava, aici anois lena páirtí Will. Is mór idir tógáil clainne faoin tuath i nDún na nGall i measc do mhuintire féin agus an cúram sin a dhéanamh i gcathair mhór mar seo.

Conallach eile é **Pól de Barra**, atá ag obair mar leictreoir leis an gcomhlacht iarnróid i Londain. Is breá leis an saol anseo agus na deiseanna sóisialta a bhaineann leis, go háirithe lena fhoireann peile (Gaelach) Crawley. Is iomaí scil a spreagann an saol i Londain dó.

Agus is Conallach eile í **Aisling Nic An tSaoir** as Gaoth Dobhair, bean óg a bhfuil cónaí uirthi i Londain le cheithre bliana anois. Saineolaí cothúcháin a gairm agus deir sí go bhfuil na deiseanna fostaíochta i bhfad níos fearr di i Londain. Is breá léi an saol ann. Saineolaí ar an saol sóisialta í agus is minic í ag cóisir nó ag féile de chineál éigin.

Sheila Friel a léirigh.

Fuair an togra seo tacaíocht ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann.

Léiriú le Imagine Media. sheila@imaginetv.co.uk 04890 9066696

Éire sna Nuachtscannáin 8pm Déardaoin ó 21/9/17

(Athchraoladh 9pm

Domhnach)

Roimh theacht na teilifíse, b'iad na nuachtscannáin an t-aon fhoinse do nuacht ar scáileáin a bhí ag an lucht féachana in Éirinn. Bhíodh mír mar seo mar chuid thábhachtach den réamh-shiamsaíocht sa bpictiúrlann. De bhrí nach raibh aon chomhlacht soláthair lonnaithe in Éirinn ar bhonn rialta, is trí shúile na n-eachtrannach (Sasanaigh nó Poncánaigh) is minice a léirigh na nuacht-scannáin seo imeachtaí sa tír seo, rud a chinntigh go leor míthuiscintí agus claon-léiriú ar imeachtaí go leor.

Tugann an tsraith seo, 6 chlár, léargas dúinn ar an mbealach inar cuireadh imeachtaí in Éirinn i láthair sna nuacht-scannáin. Is í **Síle Nic Chonaonaigh** an tráchttaire agus ar na saineolaithe atá páirteach, tá **an tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh, Kasandra O'Connell, Linda Kaye, Jim Horgan, Niamh Ní Argáin, John Hill, Ciara Chambers, An Dr. Dónal McAnallen, An Dr. Seán Crosson, An Dr. Kevin Rockett, An Dr. Mary Harris, An tOllamh Bríona Nic Dhiarmada, Sunniva O'Flynn agus Antoine Ó Coileáin.**

Fuair an togra seo tacaíocht ón scéim *Fuaim & Fís* ag Údarás Craolacháin na hÉireann.

Léiriú le Macdara Ó Curraidhín mdoc1969@gmail.com

Truckers

9.30pm Déardaoin ó 5/10/17

Feiceann tú cúpla dosaen ag dul tharat ar an mbóthar gach lá, is dóigh, ach cé hiad na tiománaithe leoraí seo a thugann ár gcuid earraí chugainn nó chuig an siopa in aice linn?

Sa tsraith nua faisnéise seo, 4 chlár, cuirimid aithne ar na tiománaithe seo agus faighimid léargas ar an saol a chaitheann siad, ar an mbóthar, ó mhoch maidine agus ar feadh na hoíche freisin, go minic.

Ar nós gach ceirde eile is iomaí cineál duine a chaitheann a lá oibre ar chúl rotha stiúrtha – cuid acu geanúil meidhreach, cuid eile cantalach gruama.

Féach sa gcúl-scáthán. Seo chugat iad.

Léiriú le Clean Slate TV. Damien McCann 0044-2890323244

Racht

10pm Déardaoin ó 5/10/17

Sraith 6 chlár a scrúdaíonn dúnmharaithe ón am atá caite, féachaint lena gcúlra a thabhairt chun suntais agus tuiscint a fháil ar na cúiseanna a bhí leo agus a dtionchar ar na daoine a bhain leis an scéal

Baineann an chéad chlár le dúnmharú i Ros Muc i nGaeltacht na Gaillimhe sa mbliain 1928. Thángthas ar chorp fheirmeora áitiúil nua-phósta, Sonny Breathnach, béal faoi i sruthán. Rialaigh an Coiste Cróinéara gur timpiste a bhain dó ach bhí cuid de mhuintir na háite den bharúil go raibh baint ag a bhean lena bhás

Díríonn clár eile a tharla i gCeanada sa mbliain 1843. Gabhadh Grace Marks, cailín aimsire 16 bliain d'aois, as cúige Uladh ó dhúchas agus tugadh ar ais go hOntario í lena cur ar trial faoi bhás a fostóir agus searbhónta mná leis a bhí ag iompar clainne nuair a maraíodh í.

Is iad seo na cásanna atá faoi chaibidil sna cláracha eile:.

In Eastbourne Shasana sa mbliain 1957, cuireadh an Dr Adams as Aontroim ó dhúchas, ar a thriail faoi bhás othair leis. Bhí a chuid comharsain ag clamhsán le tamall gur mhinic uachtaí a chuid othar ag dul chun tairbhe don dochtúir seo, rug a spreag amhras faoin sórt aire a thug sé dóibh. .

Sa Róimh sa mbliain 1926, rinne Violet Gibson, bean de bhunadh Átha Cliath, iarracht an Príomh-Aire conspóideach Benito Mussolini (Il Duce) a fheallmharú. Theip uirthi agus nuair a tugadh a cás chun cúirte, mheas daoine áirithe gur polaitíocht a spreag í, daoine eile antoisceachas reiligiúin ba chúis lena hiarracht agus chreid go leor gur amhlaidh a bhí sí as a meabhair.

I Luimneach sa mbliain 1946 chaith beirt chomhaltaí den Gharda Síochána naoi mí ar dualgas oíche le chéile ar garda ag ionad a bhí ag croí-lár aighnis talún. Oíche amháin, tharla rud éigin a d'fhág Garda amháin marbh agus an fear eile cúisithe ina dhúnmharú, daortha agus piónós an bháis gearrtha air.

I mBaile Átha Cliath sa mbliain 1936, bhog Edward Ball, fear óg 19 bliain ar ais isteach i dteach a mháthar. Chúig lá ina dhiaidh sin, bhí sí ar iarraidh agus

thángthaas ar a carr, faoi fhuil ar bhóithrín tuaithe. Gabhadh Edward agus chuir an scéal a d'inis sé do na Gardaí alltacht orthu.

Fuair an togra seo tacaíocht ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann

Léiriú le Paper Owl Films. gavin@paperowlfilms.com 028 95901631

***Tocht na Máthar* 10pm Déardaoin ó 06/11/17**

Sláinte agus sonas a páiste an rud is gaire do chroí aon mháthar. Níl crá croí ná imní is géire ná imní máthar go mbainfeadh tinneas, gortú nó aicíd dá mac nó iníon, gan trácht ar an mbás. Nuair a tharlaíonn seo fághtar folús agus duibheagán bróin.

Is é seo is ábhar don trsraith 6 chlár seo, ina léirítear roinnt cásanna agus ina dtugann mná a gcuntas féin ar ar tharla dóibh-san agus ar an mbealach a bhfuil siad ag iarraidh déileáil leis an gcor is measa ar fad a d'fhéadfadh tarlú do mháthair

Ina measc tá:

- **Bridget McAnallen** as Tír Eoghain, ar bhásaigh a mac, Cormac, duine de laochra óga peile an chontae, go tobann ina leaba sa mbliain 2004 agus gan é ach cheithre bliana fichead ar éigin.
- **Patricia O'Byrne** ag cur síos ar an athrú a rinne droch-thimpiste bóthair agus an dochar inchinne a lean as dá mac óg ard aclaí Pádraig.
- **Bríd Hynes** as Leitir Móir i nGaeltacht na Gaillimhe ag cur síos ar dhúnmharú a hiníne Siobhán, déagóir seacht mbliana déag, i Nollaig na bliana 1998.
- **Mary Logue** ó Ghaeltacht Thír Chonaill a chaill a mac, buachaillín naoi mbliana théis dóibh a fháil amach go raibh meall ailseach ina inchinn.

Fuair an togra seo tacaíocht ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann.

Léiriú le Stirling Film & Television Jackie.newell@stirlingtelevision.co.uk
04890333848

Ar Chúl an Stáitse (Earrach 2018)

Sraith a thugann léargas ón taobh istigh ar cheird agus ar ealaín na hamharclannaíochta. Is gairm ar leith í don aisteoir proifisiúnta agus don té a bhaineann taitneamh aisti mar chaitheamh aimsire.

Sa tsraith seo, 4 chlár, faighimid tuiscint ar an obair agus ar an dua a bhaineann le léiriú dráma d'aon chineál. Tugann an iarracht daoine le chéile agus is fiú an tairbhe an trioblóid – ach bíonn trioblóidí i gceist, mar a fheicimid anseo.

Léiriú le Macha Media antaine.odonnaile@gmail.com

Tríd an Lionsa (Earrach 2018)

Séasúr nua 6 chlár den tsraith a thugann chun solais an saibhreas iontach atá ar fáil sna taiscí cartlainne de ghrianghraif a tógadh sa tír seo sa tréimhse 1880-1902, luath-laethanta ré na grianghrafadóireachta in Éirinn.

Is taisce luachmhar do raon leathan taighde iad na bailiúcháin atá ar fáil ón ré seo - stair shóisialta, pholaitiúil, ailtireachta &rl. Deir an seanfhocal linn gur fearr pictiúir amháin ná míle focal agus tá faisnéis agus tuiscintí le baint freisin ag an saineolaí as an rud nach bhfuil ar taispeáint nó atá ceilte orainn in aon turas i ngrianghraf. Bíonn cúis le rud a chur i bpictiúir agus cúis le rud a fhágáil (nó a ghearradh) as.

Is í an staraí aitheanta an **Dr. Úna Ní Bhroiméil** ár dtreoraí sa tsraith seo agus í a ransú léi thrí thaiscí iontacha: bailiúchán Darkest in Átha Cliath, bailiúchán Átha Cliath ag Cumann na nAiltirí, bailiúchán Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (Poole, Clonbrock agus Bhord na gCeantar Cúng), bailiúchán príobháideach cártaí poist agus grianghraif príosúin sa gCartlann Náisiúnta agus i bPríosún Chill Mhaighneáin. Fuair an togra seo maoiniú ón scéim *Fuaim & Fís* Údarás Craolacháin na hÉireann.

Léiriú le Sibéal Teo. Niamh Ní Bhaoill 066-9152555 niamh@sibealteo.com

Fíorscéal

Séasúr nua den tsraith a thugann aghaidh ar mhórchéisteanna idirnáisiúnta trí shúile na léiritheoirí teilifíse is fearr, is misniúla agus is conspóidí ar domhan le athghuthú Gaeilge ar rogha clár faisnéise ón iasacht. Oscailt ar *shúil eile* is ea gach clár

Ag Múchadh na nGineadóirí Núicléacha 11pm 21/9/17

Bhí an tráth ann agus ceapadh go mairfeadh an gineadóirí núicléacha go deo agus gur ghlaire ar fad iad mar mhód ginte leictreachais. Ach anois tuigtear nach bhfuil ach saolré an-ghearr ag na gineadóirí seo agus gur beag atá fhios againn faoi mhodhanna sábhála lena ndíchoimisiúnú.

Ar Chiumhais Tubaiste 11pm 28/9/17

Tuairisc 360° - GEO ina bhfeictear go bhfuil daonra na hÍoslainne ag iarraidh a saol a chaitheamh mar is gnách – ach iad ag ullmhú chun éigeandála ag an am céanna.

Scamall ar Chíor na Cruinne 10.30pm 5/10/17

Ceaptar anois go bhfuil an t-aer sa Himiléithe, barr na cruinne, chomh truailithe c céanna is atá mór-chathracha an iarthair.

Tháinig foireann eolaithe ón bhFrainc agus ón Iodáil ar scamall ina raibh gráinníní súiche i gceantar ina measadh nach raibh aon chineál truailithe ann. Níl teora le scamail is cosúil!

Survivor**10.30pm Dé Céadaoin 10.30pm ó 6/9/17**

Seo é an 32ú séasúr den tsraith agus is ar bhád atá ag seoladh ar chósta oileán Kaoh Rong sa gCambóid atá na hiomaitheoirí ag an tús.

Is ceantar álainn é gan amhras, ach tá an teas millteach agus an taise níos measa, b'fhéidir. Beidh 39 lá ag na rannpháirtithe, iad roinnte i dtrí threabh, a theacht slán agus na tascanna cuirtear rompu a dhéanamh.

Tá €1millún ag dul don bhuaiteoir. Ní beag sin mar spreagadh.

Ceol/Cultúr

Celtic Connections

9.30pm gach Domhnach ó 3/9/17

Tá an fhéile mhór ceoil seo ar bun i nGlaschú ar cheann de mhór-imeachtaí an ceoil sa gcuid seo den domhan gach bliain agus bíonn triall na gceoltóir is fearr ó na críocha Ceilteacha ar fad uirthi.

Go deimhin, tagann oirfidigh den scoth ó gach ceard den domhan ann agus iad ag bualadh le sean-chairde ceoil nó ag cur aithne den chéad uair ar a chéile.

Is coire ceoil é go deimhin ina mbíonn stíleanna éagsúla ag bualadh faoi chéile agus ag athchruthú na gceangal cultúrtha atá eadrainn leis na céadta bliain.

Tugann an tsraith seo le chéile an chuid is fearr de na seisiúin ón Hillhead Bookclub, tábhairne áitiúil i lár na cathrach á chur i láthair ag ár sár-cheoltóir féin **Dónal O'Connor**.

Bainfidh tú ceol as leithéidí **Mary Chapin Carpenter, Tift Merrit & Sarah Jarosz, Roberta Sa** gan trácht ar bhannaí ón tír seo agus as Albain **Ìmar, McGoldrick, McCusker and Doyle**.

Agus é ar chamchuairt na cathrach, castar tuilleadh laochra eile ceoil leis, ina measc **Phil Cunningham, *Four Men and a Dog*, Mairéad Ní Mhaonaigh agus Maitiú Ó Casaide**. Bainfidh tú ceol as!

Léiriú le Bees Nees. alasdair.maccuish@beesnees.tv

***The Irish Post Country Music Awards* 9.30pm 30/8/17**

Seo an tríú bliain ag na gradaim ceol tíre is aitheanta ar fad, urraithe ag nuachtán an *Irish Post* agus beidh réalta mór an cheoil tíre ar fad i láthair in Ard Mhacha don ócáid is tábhachtaí sa bhféilire bhliantúil.

Is iad **Aoife Ní Thuairisg** agus **Malachi Cush** na láithreoir agus beidh amhráin agus agallaimh go leor san oíche spleodrach cheoil seo.

Beidh siad ann ó gach ceard, ina measc **Clíona Hagan, Hurricane Highway, Louise Morrissey, Lee Matthews, Don Mescall, Foster & Allen, Philomena Begley** agus go leor eile, **Mary Coughlan, The Fureys** agus **Frances Black**, mar shampla.

Seo do sheans é a fheiceáil, beo agus eisiach ar do chompord.

Léiriú le The Irish Post Mark Dempsey 086 8537916

An Ríl Deal

8pm Dé Domhnaigh ó 3/9/17

Táimid sa tóir ar na gcéad réalta mór eile i saol an damhsa Ghaelaigh agus duais iontach ar fáil don bhuaiteoir - deis í/ féin a chur i láthair ar cheann de na hardáin is iomráití ar Broadway, Nua Eabhrac!

Beidh fáilte roimh chuile chineál damhsóra Gaelaigh, idir steip agus damhsa na scuaibe, damhsóirí sean-nóis agus damhsóirí seite, cur isteach ar an gcomórtas. Is cuma faoi aois ach oiread agus fáilteofar roimh óg agus aosta.

Comórtas damhsa do chuile dhuine é seo a ndéanfar ceiliúradh ar thraidisiúin uile an damhsa Ghaelaigh.

Ag measúnú na n-iomaitheoirí beidh na triúr moltóirí:

Tá Sibéal Davitt ag damhsa ar an sean-nós agus ag casadh ceol traidisiúnta ó bhí sí óg. Ba í buaiteoir an chomórtais Uile-Éireann *Glas Vegas* ar TG4 in 2009.

Bhí **Breandán de Gallaí** ina phríomh dhamhsóir ag *Riverdance* agus tá cleachtadh maith aige ag obair leis na damhsóirí is fearr ar domhan.

Damhsóir aonair, damhsóir ar an sean-nós agus damhsóir seite é **Roy Galvin**.

D'éirigh go maith le Roy freisin ina dhamhsóir bailé.

Saineolaithe iad.....ach an mbeidh siad ar aon intinn faoin éagsúlacht stíle a bheidh ag na hiomaitheoirí?

Ag coinneáil súil ar na moltóirí beidh an láithreoir, **Máire Treasa Ní Dhubhghaill**.

Léiriú le Adare Productions. Brian Graham. briangraham@adareproductions.ie

086-2587304

Junior Eurovision

8.30pm Dé Domhnaigh ó 09/10/17

(Babhta Ceannais Eorpach BEO 26/11/17)

Den tríú bliain as a chéile beidh iomaitheoir ón tír seo ag glacadh páirt sa gComórtas Amhránaíochta Eorafíse Sóisearach agus beidh an babhta ceannais á bheochraoladh ar TG4. B'í **Zena Donnelly** a roghnaíodh le bheith páirteach ar son na hÉireann sa gcomórtas seo anuraidh. Tá duine óg eile le piocadh anois do chomórtas na bliana seo.

Chuige sin, tá amhrán Gaeilge na hÉireann le roghnú agus déanfar sin sa tsraith 5 chlár Fómhair seo agus an babhta ceannais Eorpach ina dhiaidh sin mar bhuaic. Sna cláracha in Éirinn, roghnófar amhrán Gaeilge ó amhránaí aonair nó grúpa a sheasfaidh an fód don tír seo sa gcomórtas mór Eorpach seo, a bheochraolfar as Tblisi, i bPoblacht na Seirse, an ar an 26 Samhain.

Is é **Eoghan McDermott** a bheidh mar láithreoir ar an gcomórtas Éireannach agus moltóirí géarchúiseacha i mbun roghnaithe,. Is iadsan a phiocfaidh an t-amhrán nua-chumtha Gaeilge a sheasfaidh an fód don tír seo (den tríú uair riamh) sa mbabhta ceannais Eorpacha a bheochraolfar ó Tbilisi, príomhchathair na Seirsia.

Is iad **Fiachna Ó Braonáin** agus **Bláthnaid Treacy**, na moltóirí buana agus beidh aoi-mholtóir aitheanta ó stair an chomórtais sinsear leo gach seachtain, ina measc **Brian Kennedy, Brendan Murray, Dustin, Jedward, Niamh Kavanagh** agus **Linda Martin**.

Nár dheas a bheith ann!

Léiriú le Adare Productions. Brian Graham 01 2843877 brian@adareproductions.ie

Opry Dhoire

Séasúr nua eile de cheann de na sraitheanna ceoil is mó a thuilleann lucht féachana do TG4 – sraith coirmeacha ceoil a taifeadadh i bhFóram na Milaoise i nDoire Cholmcille. Tá na láithreoirí - an rí féin **Daniel O'Donnell agus Lynette Fay** ar ais agus rogha iontach amhránaithe ina gcuideachta.

Sa tsraith seo, leanfaidh Daniel ag canadh leaganacha Gaeilge d'amhráin atá luaite leis le fada an lá. Beidh freisin amhránaithe aitheanta Gaeilge páirteach, ina measc. Gach seachtain, ceolfaidh na ceoltóirí tíre amhrán Gaeilge i gcuideachta amhránaí traidisiúnta, chomh maith le neart amhrán dá gcuid féin. Ceolfaidh Daniel leis na ceoltóirí tíre fosta, chomh maith le leagan Gaeilge d'amhrán aitheanta leis.

Cuireann agallaimh ar chúl an stáitse, cuairteanna baile ar na réalta, míreanna cartlainne agus comhrá leis an lucht féachana go mór leis an gclár.

Fuair an togra seo maoiniú ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann.

Léiriú le Big Mountain: Philip McGovern 00442830834046

info@bigmountainproductions.com

Oireachtas na Samhna ar TG4

Mar is iondúil, beidh TG4 ag soláthar sár-chlúdaigh ó mhór fhéile chultúrtha na nGael faoi Shamhain. Beidh ár gceamaraí i gCill Airne le cinntiú go bhfaigheann an lucht féachana teilifíse agus ar-líne an deis cuid den sár siamsaíocht a bhlaiseadh.

Beo-chraolfar *Nuacht TG4* ón Oireachtas Céadaoin go hAoine, Beo-chraolfar Gradaim Chumarsáide an Oireachtais ar an gCéadaoin agus beidh *Lár Stáitse*, ardán do scoth na n-oirfideach óg sna taibh-ealaíona á bheo-chraoladh oíche Aoine .

Dar ndóigh beidh fáil mar is gnách *Steip* san iarnóin ar an Satharn, beo-chlúdach eisiach ar na comórtas damhsa ar an sean-nós.

Sa mbreis ar an gclúdach teilifíse sin, beidh TG4 ag soláthar Líonchraoladh ar na príomh-chomórtais amhránaíochta sean-nóis ar www.tg4.tv

Seo a leanas an soláthar iomlán Oireachtais 2017 ó TG4:

Dé Céadaoin, 1 Samhain 2017

- Oscailt Oifigiúil an Oireachtais (5pm) TG4 ar líne
- Nuacht TG4 (7pm) Nuacht TG4 Beo ar Theilifís
- Na Gradaim Cumarsáide (8pm) Beo ar Theilifís

Déardaoin, 2 Samhain 2017

- Sceitse / Agallamh Beirte (2pm) TG4 ar líne
- Nuacht TG4 (7pm) Beo ar Theilifís
- Sean-Nós na bhFear (7pm) TG4 ar líne

Dé hAoine, 3 Samhain 2017

- Lúibíní/Amhráin Saothair (2pm) TG4 ar líne
- Nuacht TG4 (7pm) Beo ar Theilifís
- Sean-Nós na mBan (7pm) TG4 ar líne
- Lár Stáitse (8pm) Beo ar Theilifís

Dé Sathairn, 4 Samhain 2017

- Steip (1pm) Telegael Beo ar Theilifís
- Corn Uí Riada (7pm) Telegael TG4 ar líne

Gradam Extra

Clár a thugann léargas nua ón taobh istigh ar shaol na sár-cheoltóirí ar ar bronnadh Gradam Ceoil TG4 2017.

Bhí Gradaim na bliana seo ar an togra ba mhó fós i stair 20 bliana na scéime aitheantais seo, ócáid a thug breis is 100 ceoltóir ar fad ar aon láthair do bheo-chraoladh teilifíse ina raibh os cionn 70 duine sa bhfoireann léiriúcháin.

Ar oíche an bhronnta, chonaic an lucht féachana teilifíse an cheolchoirm ach tugann an clár speisialta seo isteach níos doimhne sa scéal muid agus muid ar chúl-stáitse agus ar leac an teallaigh sa mbaile ag na Gradamóirí, lena dteaghlaigh, a muintir agus a gcairde ceoil.

Seo Ceolfhoireann Mhacalla, Banna Céilí an Chaisleáin, Micheál Ó Ruanaigh, Liam O'Brien agus Mick O'Connor agus a muintir, ag ceol, ag caint agus ag ceiliúradh.

Orthu sin atá páirteach sa gclár speisialta seo, tá:

- Jarlath Henderson (Píobaire)
- Brian Mullen (Amhránaí)
- Seán Keane, John Dwyer agus Charlie Lennon (fidléirí)
- Daithí Gormley, Lydia Warnock, Clare Quinn, Oisín Morrison, Aoibheann Queally, Eilís Ní Shuilleabháin)
- Ceolfhoireann Mhacalla le Tristan Rosenstock agus Muireann Nic Amhlaoibh)
- June McCormack & Orlaith McAuliffe (feadóga móra)
- Aoife O'Connor and Liam O'Connor agus Michael Tubridy (ag ceol agus ag damhsa)

Maggie Breathnach an léiritheoir.

Léiriú le Red Shoe. maggie@redshoe.ie 01-4013646

Ceol ón Chlann (Earrach 2018)

Sraith shuimiúil, 6 chlár ina léirítear an nasc láidir ceoil atá i dteaghlaigh áirithe aitheanta, oidhreacht shaibhir a théann ó ghlúin go glúin.

Ar na teaghlaigh atá faoi chaibidil sa tsraith seo, tá muintir Gavin (Frankie Gavin), Clann McLaughlin's (*The Henry Girls*), clann Walls (*The Stunning, The Walls*) agus muintir Moynihan Family. Tá ceoltóirí den scoth sna teaghlaigh seo agus an domhan siúlta acu ag déanamh ceoil.

Léiríonn an tsraith go bhfuil an ceol sa bhfuil agus go smior sna teaghlaigh seo agus nach gá gur leis an traidisiún amháin a théann gach glúin.

Saolchláir

Gléasta Chun Féasta 8.30pm Dé Céadaoin ó 18/10/17

Sraith úrnua 10 gclár, á chur i láthair ag **Bláthnaid Treacy** ina bhfuil ar bhean atá ag réiteach d'ócáid mhór ina saol rogha a dhéanamh idir trí fheisteas atá deartha go speisialta di. Tá na feistis thar a bheith éagsúil ó chéile agus fágann sin nach mbeidh sé furasta ceann amháin a phiocadh thar an dá cheann eile.

Tá neart sain-chomhairle deartha agus stíle ar fáil mar go bhfuil na dearthóirí aitheanta **Andrea Tighe** agus **Aisling Ní Chormaic** gach seachtain. Sa mbreis orthu-san, beidh aoi speisialta ar gach clár. Ní gá gur dearthóir gairmiúil an t-aoi agus is duine cruthaitheach a bheidh i gceist gach uair. Bíonn a thuairim faisin féin ag gach duine agus fágann sin dúshlán breise ag an mbean bhocht atá ag iarraidh teacht air an bhfeisteas is oiriúnaí di féin agus dá hócáid.

Is ócáidí móra poiblí atá i gceist do chuid de na mná: Beidh an Comhairleoir Contae **Deirdre Donnelly** ag taispeáint a rogha féin gúna ag Bál Carthanachta na Siopadóirí Éireannacha; ag Dinnéar mór an Chaptaein ag a Galf-Chumann a bheidh **Peigí O'Rourke** ag taispeáint a gúna féin don saol mór; ba dheas le **Áine Fagan** go mbeadh aghaidh na ndaoine uirthi féin agus ar a gúna ag Bál na Tríonóide; is mian le **Natalia Danzman**, a rugadh sa mBreasaíl, go mbainfeadh daoine ag Oireachtas na Samhna lán na súl as a feisteas féin agus í ag canadh sa gComórtas Sean-Nóis.

Is cúis an-phearsanta a spreagann **Maureen O'Connell** dá gúna féin mar go bhfuil sí féin agus a muintir ag ceiliúradh dea-scéal sláinte maidir le hailse atá faighte ag a mac Christopher agus is ag ócáid bhailithe airgid do ghalair eile a bheidh **Ann-Marie Duggan** ag caitheamh a gúna nua féin freisin.

Ar na haíonna a bheidh ag cabhrú leis na mná seo agus a gcomhairleoirí gairmiúla, beidh an fíodóir agus dearthóir teicstíle **Fiadh Durham**, an dearthóir priontaí **Deirdre McKenna**, an fear ildánach **Dara McGee**, na healaíontóirí **Nuala Holohan** agus **Elisa Feiritéar**, an dearthóir seodra **Ruairí O'Neill**, an cartúnaí **Aidan Courtney**, an t-ealaíontóir agus ceoltóir **Gearóid Ó Duinnín**, an dearthóir feistis **Caitriona Ní Threasaigh** agus an ceannaitheoir faisin **Cliona Standún**.

Is sa mbliain 2012 a tháinig **Bláthnaid Treacy** ós comhair an phobail den chéad uair ar an tsraith *Ó Tholg go Tolg* ar TG4. Tá cáil bainte amach aici ó shin mar láithreoir ar shraitheanna ar chainéil eile freisin.

Léiriú le Red Pepper Productions. Laura Cranley laura@redpepper.ie 087 819 6019

***Wwoofáil sa Téalainn* 9.30pm Déardaoin ó 2/11/17**
(athchraoladh 11.50pm gach Luan ó 6/11/17)

Táthar ag dul i bhfad ó bhaile go dtí an Cian-Oirthear sa tsraith nua den fhormaid thaitneamhach seo ina bhfuil **Máiread Ní Chuaig** agus **Tomaí Ó Conghaile** ag fánaíocht leo ag taisteal na tíre seo sa gCian-Oirthear agus ag spailpínteacht anseo is ansiúd le greim a chur faoin bhfiacail. Tá orthu a gcuid a shaothrú ón talamh agus chuige sin, ní foláir dóibh scileanna nua fhoghlaim agus cur chun saothair go dícheallach.

Feicimid sa 5 eagrán cén cumas agus cén téagar atá iontu. Rachaidh siad ó Nakhon Nayok, cúige bheag i lár na Téalainne go Koh Lanta, oileán i Muir Andaman agus as sin go sean-chathracha Chang Rai agus Chang Mai i bhfíor-thuaisceart na tíre.

Feicfidh siad go leor agus foghlaimeoidh siad roinnt freisin. Caithfidh siad tamall ag obair le eilifint sula dtugann siad aghaidh ar an bpríomh-chathair agus ar obair fheirme i gcroí-lár Bangkok. Feicfidh siad na ban-bhuachaillí ansin freisin.

Cuirfidh an tsraith seo le do chuid eolais faoin Téalainn, faoin obair fheirme ansin agus bainfidh sí gáire amach freisin.

Féilimí Ó Conchubhair a léirigh.

Fuair an togra seo tacaíocht, ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann.

Léiriú le Stirling Film & Television Productions feilimi@stirlingtelevision.co.uk



7am-9.30am & 3-4pm Luan-Aoine

Fillfidh *Cúla4 na nÓg* don Fhómhar le rogha iontach spraoi agus siamsaíochta, cairde nua agus sean-chairde. Bí linn ag canadh, ag damhsa, ag spraoi agus ag baint barr suilt as eachtraí na gcarachtar is geanúla agus is eachtrúla ar an teilifís.

Ar na sraitheanna nua-léirithe a bheidh le feiceáil sa zón seo, beidh:

Cat a'Hata

Seo chugainn duine de mhór-charachair Dr. Seuss, saineolaí ar mhórán gach rud. Bhuel, sin a dheireann sé ar aon nós. Téann sé féin agus Nick & Sally, an t-iasc agus Rud 1 agus Rud 2 ar eachtraí i ngach aon eagrán sa *Thinga-ma-jigger*, feithicil draíochta an chait.

Fuair an togra seo tacaíocht ó Chiste Craoltóireachta Thuaisceart Éireann

Athghuthaithe ag Zoogon.

Tarracóir Tom

Bíonn Tarracóir Tom cróga agus seiftiúil ar fheirm Springhill agus é ag spraoi agus ag obair lena chairde, na hainmhithe, na daoine agus na feithiclí uilig ar an bhfeirm, Rev, an truail, Wheezy an comhbhuainteoir agus Buzz an cuadrothar. Is mór an chabhair iad don Fheirmeoir Fi, Matt agus ainmhithe na feirme.

Athghuthaithe ag Telegael.

Zack & Quack

Seo an dara séasúr den tsraith álainn seo atá suite taobh istigh de phreableabhar, ina bhfeiceann muid eachtraí Zack, buachaill 7 mbliana d'aois agus a dhlúthchara Quack.

Athghuthaithe ag Abú.

Zou

An triú séasúr d'eachtraí leis an séabra dubh agus bán agus a chairde ar minic é ag pleidhcíocht. Tá Aip Gaeilge ar fáil freisin, saor in aisce .

Athghuthaithe ag Glór Media.

Peg + Cat

Siamsaíocht agus spraoi go leor don aos óg.

Athghuthaithe ag Glór Media

Pj Masks – Cheapfá ar dtús gur páistí ar nós gach duine eile sé bliana d'aois iad Amaya, Connor agus Greg. Téann siad ar scoil agus tá cairde go leor mar iad sa rang leo. Ach san oíche, athraíonn gach rud mar go bhfuil bráisléid ar a riostaí agus nuair a lastar iad seo tagann claochló ar an triúr agus is iad anois mar *Na PJ Masks*. Bíonn eachtraí go leor acu sa riocht seo, iad ag tabhairt aghaidh ar bhithiúnaigh agus ag cur stop le coiriúlacht agus ag foghlaim go leor.

Athghuthaithe ag Glór Media

Ná dearmad go bhfuil go leor de na seanchairde ag filleadh freisin an Fómhar seo: :

Wussywat - An Cat Ciotach Níl teora leis an líon bacanna a thagann roimhe ina chosán agus is minic é ag titim i mullach a chinn, mar aon lena chairde Duckadile, Oggy, Ird agus Ortus. Ach foghlaimíonn Wussywat rud éigin tairbheach ó gach titim agus is tábhachtaí sin ná aon rud eile.

Seo Linn Go Okido – Níl teora le fiosracht Mhessy agus seo leis ar thóir an eolais atá uaidh lena chairde Zoe agus Felix. Tugann siad cuairt ar an ngealach, laghdaíonn siad iad féin le bheith ar aon mhéad le frídín agus eitlíonn siad ar sciatháin féileacáin.

Athghuthaithe ag Telegael

Woozle & Pip – Dlúth chairde iad an bheirt seo a bhfuil cónaí orthu sa nGáirdín Draíochta. Spraoi ainmhithe - Comet, Halley, Sputnik, Radar agus Jet – atá i bhfeighil an Ionaid agus iad faoi cheannas Sal an tOchtaps. Foghlaimíonn siad ar fad gur gá foighne le go réiteodh agus spórt a bhíonn acu ansin agus eachtraí grinn go leor lena gcairde ar fad!

Athghuthaithe ag LMDOC

Fillfidh **Dora** le sraith nua - í féin agus a cara, Bróigín an moncaí, ar aistear agus dúshlán nó deacracht le réiteach acu ar gach céim den turas eachtrúil atá ar bun acu.

An Nollaig seo ar Cúla4 na n-Óg

Le seoladh an Nollaig seo, beidh sraith úr nua de *Elmo Anseo* ó Sesame workshop. Lena ghruaig dearg agus a shrón geal grianmhar, is é Elmo an puipéad is gliobaí agus is gleoite riamh! Bí ag comhaireamh, ag eagrú agus ag foghlaim le Elmo agus a chara nua Smartie an fón. Spreagann “Elmo Anseo” gasúir óga páirt a ghlacadh i spraoi samhlaíochta agus é ag foghlaim faoi ábhair éagsúla ina sheomra cartún. I measc sraitheanna eile Sesame, beidh ***The Furchester Hotel***, tá jobanna tábhachtacha ag na carachtair uilig ó shráid Sesame agus iad ag rith Óstan an Furchester. Nach acu a bhíonn an spraoi agus iad ag castáil leis na haíonna uilig san óstán agus ag iarraidh iad a choinneáil sásta. Tá an cookie monster ag obair mar fhreastalaí san óstán.... D’fhéadfadh sé sin a bheith contúirteach! Agus ***Bert’s Great Experiments*** -- Sraith nua eolaíochta do lucht réamhscoile le Bert & Ernie, ár seanchairde. Foghlaim faoi mhaighnéad, leictreachas statach agus go leor eile leis an bheirt craiceáilte seo!

Chomh maith le ábhar nua ó Sesame beidh an tsraith, ***Dot***, againn ó Henson. Is cailín 8 mbliana d’aois í, agus saineolaí teicneolaíochta. Tugann sí faoi fadhbanna a réiteach gach lá le cúnaimh na teicneolaíochta agus óna cairde. Beidh sraith álainn réamhscoile againn ón Austráil, ***Balloon Barnyard*** cas le Pip & Streak, dhá asal, síleann siad go bhfuil cumhachtaí speisialta acu! Oibríonn siad le chéile gach lá le fadhbanna a réiteach ar an bhfeirm.



Luan-Aoine 4.00- 5.30pm don aoisghrúpa 6-12 bliain

Tá Cúla4 ar ais le neart sraitheanna nua beochana, roinnt sean chairde agus ábhar nua coimisiúnaithe.

Sraitheanna Beochana

Horrid Henry/ Dónal Dána Sraith teilifíse bunaithe ar na leabhra aitheanta ‘*Horrid Henry*’ le Francesca Simon. Ní hamháin go bhfuil na leabhra anois aistrithe go Gaeilge ag Cló Iar Chonnacht faoin dteideal *Dónal Dána* ach beidh Dónal le feiceáil ar an scáileán chomh maith. Le seoladh ag Oireachtas na Samhna 2017 i gcomhar le Cló Iar Chonnacht.

Is diabháilín ceart é Dónall Dána. Is buachaill é gur aoibhinn leis cleasanna gránna, uafásacha a imirt. Caitheann sé bia thart, sciobann sé rudaí, bíonn sé ag brú, ag soncadh agus ag pinseáil.

Athghuthaithe ag LMDOC

Alvinnn and the Chipmonks: Sraith iomlán nua ina bhfuil neart canadh, cleasaíocht agus spraoi. Is iomaí eachtra a tharlaíonn sa teach seo leis na chipmunks craiceáilte, Alvinnn, Simon & Theodore... Is ar éigin atá David in ann cur suas leo agus é ag iarraidh aire a thabhairt dóibh. Is iomaí abairt sa tsraith seo a chríochnaíonn leis an scread ‘**Alvinnn!!!**’

Athghuthaithe ag Telegael

Fangbone: gaiscíoch barbarach is ea Fangbone ó ‘Scullbania’ atá anois ag freastal ar ghnáth scoil. Is ann a chasann sé le Bill a chabhraíonn leis socrú isteach sa saol nua seo. Idir an bheirt acu caithfidh siad an domhan a shábháil ón mbithiúnach ‘Venemous Drool’ .

Dr Dimensionpants

Ba ghnáth lead óg é Kyle Lipton go dtí gur tháinig sé ar péire briste draíochta. Anois, is laoch é d'arbh ainm Dr. Dimensionpants agus tá cumhachtaí speisialta aige.

Winston Steinburger & Sir Dudley Ding Dong

Winston Steinburger agus a chara Sir Dudley Ding Dong an cat. Is iad seo an bheirt is craiceáilte sa spás!

Sraitheanna aitheanta Cúla4 ag filleadh freisin don séasúr nua.

Ní fheadfadh muid taitneamh a bhaint as ábhar an Fhómhair gan ár dhlúthchara ***Spongebob Squarepants*** ní hamháin go mbeidh sé ar ais ar an scáileán tar éis laethanta saoire an tSamhraidh ach beidh cláracha úr nua le feiceáil chomh maith. Beidh cláracha nua de ***Camp Lakebottom*** chomh maith le ***Angelo Rules & Officially Amazing / Dochreidte Gan Dabht***, an clár a láithrionn Eoghan Ó Loideáin ina mbíonn na curiarrachtaí is aistí, is iontaí agus is dochreidte dá bhfaca tú riamh.

Cláracha Coimisiúnaithe.

Whiz Sa Chistin

Tráth na gCeist agus neart dúshlán sa gcistin, á chur i láthair ag Muireann Ní Chíobháin, le rannpháirtíocht ó ghasúr scoile ó fud na tíre. Tá Aip Gaeilge ar fáil don tsraith seo freisin.

Léiriú le Abu Media

Lurgan 2K17

Sraith siamsaíochta do dhaoine óga ina dtaispeánfar na físeáin nua ó, 'TG Lurgan', chomh maith leis na daltaí ard chumasacha a ghlacann páirt iontu.

Lár Stáitse

Clár beo spreagúil ó Oireachtas na Samhna 2017 i gCill Airne a thugann ardán teilifíse do scoth-oirifidigh na gcomórtas taibh-ealaíona do dhaoine óga. Beidh an

bhéim ar ealaín an agallaimh bheirte sa chlár agus craolfar babhta craoibhe an aoisghrúpa 12 – 15 bliana chomh maith le roinnt iomaitheoirí ó chomórtais agus aoisghrúpaí eile, ina measc, aithriseoireacht, scéalaíocht agus lúibíní.

Chomh maith leis an ábhar nua seo, beidh roinnt den ábhar is fearr leis an lucht féachana ar ais ar an scáileán don séasúr seo. Ina measc beidh, ***Is Eolaí Mé*** – sraith eolaíochta den scoth a bhain gradam amach ag Féile na Meán Ceilteach i mbliana agus ***Na Dúlradóirí*** – a dhíríonn isteach ar iontaisí an dúlra ar bhealach spráúil agus fuinniúil.

TG4 Foghlaim: <http://www.tg4.ie/ga/foghlaim>

Seo Suíomh speisialta atá forbartha ag TG4 i bpáirt le Ollscoil na hÉireann, Gaillimh atá dírithe go h-áirithe ar riachtanais na ndaltaí atá ag ullmhú don bhéal-trail Gaeilge don scrúdú Ardteistiméireachta.

Ar an suíomh seo tá:

- Ceachtanna seachtainiúla bunaithe ar thopaicí sa scrúdú béil.
- Léiriú físiúil ar na dánta atá ar an gcuraclam & próifíl ar na filí a chum iad.

Chomh maith leis na hacmhainní sin do dhaltaí Ardteistiméireachta, tá nasc ann chuig cuid de Ghearrscannáin TG4 a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do churaclam nua a bheidh ag daltaí don scrúdú Gaeilge sa Teastas Sóisearach.

Is cuma cá bhfuil tú, tá Cúla4 leat.

Ar-líne 24:7

Tá **AIP SEINNTEOIR Cúla4** ar fáil anois, tig leat dul go Cúla4 aon uair aon áit. Ná caill aon chlár feasta. Ar fáil saor san Appstore agus beidh siad ann duit: ***Scéal an Lae 1 & 2, Culacaint 1-3, Ollie an Veain Bheag Bhán, Zou, Ag Spraoi le Claude***, Aimsir Cúla4 agus Aip seinnteoir Cúla4.

Tá 11 Aip spráúil Gaeilge ar fáil anois atá lán de spraoi agus de spleodar. Len iad a íoslódáil, cuardaigh “Cula4” nó “TG4” san Appstore agus beidh siad ann duit: ***Saol faoi Shráid, Scéal an Lae 1 & 2, Culacaint 1-3, Bia Linn, Ollie an Veain Bheag Bhán, Zou, Aimsir Cúla4***

Tá cluichí ar-líne ar fáil ar www.cula4.com ina measc ***Pokoyo, Ag Spraoi le Claude, Olivia, Mr Men, Dinosaur Train, Tickety Toc*** agus ***Olly an Veain Bheag Bhán*** mar aon le ***Aimsir na nÓg***.

SPÓRT TG4

- **Cluichí Ceannais Iomána agus Peile na hÉireann 2017**
(larchraoladh ag 6.45pm) ar an gCluiche Sinsear le tráchtairacht Ghaeilge.
- Beochraoladh ar 5 lá ó **Fhéile Rásaíochta Capall Lios Tuathail, 11-15 Meán Fómhair**. Is é an Guinness Kerry National Steeplechase ar an gCéadaoin 13 Meán Fómhair buaic na féile, rás ar fiú €160,000 é. Is í an Aoine 15 Meán Fómhair, Lá na mBan.
- **Rugbaí Beo**: Beochraoladh eisiach ar 34 cluiche rugbaí ó shraith **Guinness PRO14**, tráthnóna Dé hAoine den chuid is mó, ina measc **an choimhlint mhór ó Staid Aviva Dé Sathairn 7 Deireadh Fómhair, Laighin v Mumha** sa séú babhta den tsraith.
- **GAA Beo** - craoladh beo eisiach teilifíse ar na cluichí Gaelacha, Meán Fómhair-Bealtaine. Is ar na craobhacha faoi aois agus ar Chraobh Club AIB i bpeil agus in iomáint a bheidh an bhéim idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2017 agus cluiche mór beo gach Domhnach.
- Dar ndóigh ní in Éirinn amháin a imreofar iomáint den scoth an Geimhreadh seo mar go bhfuil an **AIG Fenway Hurling Classic** socraithe arís i mbliana don staid cháiliúil i mBoston, áit a n-imreoidh Gaillimh in aghaidh Átha Cliath agus ina dtabharfaidh Tiobraid Árann aghaidh ar An gClár agus aonar déag imreoir ar chaon fhoireann i bhformáid a ghin go leor cainte agus molta nuair a tugadh faoi san ionad seo den chéad uair dhá bhliain ó shin.
- **Corn Rugbaí na gCuradh** - larchraoladh eisiach ar an teilifís saor go haer ar bhuaicphointí ó phríomh-chomórtas rugbaí na gclub san Eoraip agus cúigí na hÉireann ag iarradh an forlámhas a bhíodh acu ag an leibhéal seo a bhunú an athuair.

- **Peil na mBan Beo** - Domhnach 24 Meán Fómhair: **Cluichí Ceannais na hÉireann 2017 i gCraobh TG4 i bPeil na mBan**. Beochraoladh eisiach teilifíse ó Pháirc an Chrócaigh ar lá mór peile na mban ansin.
- **Cispheil Beo** Beochraoladh eisiach ar chluichí ceannais na gCorn in Eanáir 2018.
- **GAA 2017** Uair an chloig de bhuaicphointí ó chluichí móra an deireadh seachtaine. Gach Luan 8pm.
- **Laochra Gael** Séasúr eile de chuimhní cinn agus ómós do mhór-imreoirí peile agus iomána ón am atá caite. Cláracha an séasúr seo ar **Henry Shefflin** (Cill Chainnigh), **Lar Corbett** (Tiobraid Árann), **Aisling Thompson** (Corcaigh), Mickey Harte (Tír Eoghain) agus **Graham Geraghty** (An Mhí).
- **Rás Aigéan Volvo** Beochraoladh agus buaicphointí ó thús go deireadh an rás seo timpeall an domhain, 45,000 míle farraige siar ó Alicante na Spáinne ag tús Dheireadh Fómhair agus ar ais go ceann cúrsa sa Hág san Ísiltír.

- **Rugbaí Beo Guinness PRO14 Beochraoladh rugbaí TG4**

Tá rogha tharraingteach cluichí ag TG4 ina mbeidh na foirne as an tír seo san iomaíocht gach deireadh seachtaine thar 22 deireadh seachtaine go dtí na babhtaí leath-cheannais 18 Bealtaine 2018 agus an cluiche ceannais 28 Bealtaine 2018 i Staid Aviva i mBaile Átha Cliath

Cuirfear tús le beochraoladh TG4 leis an gcluiche idir **Mumha** agus **Benetton Treviso v Laighean** i bPáirc Independent Chorcaí ar an Aoine 1 Meán Fómhair.

Is í **Máire Treasa Ní Dhubhghaill** an láithreoir le tráchttaireacht ó **Gharry Mac Donncha** agus anailís ó **Marcus Horan**, **Ronan Loughney**, **Eoghan Ó Neachtain**, **John Broderick** agus **Éamonn Molloy**.

Is é seo sceideal na gcluichí a chraolfar ar TG4 as seo go deireadh 2017:

Babhta	Dáta	Cluiche	Tús craolta ar TG4
1	Aoine 1 Meán Fómhair	Mumha v Treviso	7:15pm
1	Satharn 3 Meán Fómhair	Connachta v Glaschú	7.15pm
2	Aoine 8 Meán Fómhair	Laighin v Cardiff Blues	7:20pm
2	Satharn 9 Meán Fómhair	Mumha v Toyota Cheetahs t v Ospreys	5.00pm
2	Aoine 15 Meán Fómhair	Ulaidh v Scarlets	7.30pm
3	Satharn 16 Meán Fómhair	Southern Kings v Laighin Ospreys v Mumha	1.15pm

4	Aoine 22 Meán Fómhair Mumha	Glaschú v Mumha	7.30pm
5	Aoine 29 Meán Fómhair	Laighin v Dún Éideann	7.30pm
5	Satharn 1 Deireadh Fómhair	Cardiff v Laighin Buaicphointí Mumha v Zebre agus Uladh v Ospreys	7:30pm
6	Aoine 6 Deireadh Fómhair	Ulaidh v Connachta	7.30pm
6	Satharn 8 Deireadh Fómhair	Laighin v Mumha Buaicphointí Mumha v Laighin	1.35pm
7	Aoine 27 Deireadh Fómhair	Connachta v Mumha	7.00pm
7	Satharn 29 Deireadh Fómhair	Laighin v Connachta	
8	Aoine 3 Samhain	Glaschú v Laighin (Iarchraoladh)	9.30pm
8	Satharn 4 Samhain	Connachta v Toyota Cheetahs	7.15pm
9	Aoine 24 Samhain	Laighin v Dragons	7.20pm
10	Aoine 1 Nollaig	Dragons v Ulaidh	7.30pm
10	Satharn 2 Nollaig	Zebre v Connachta Beneton Rugby v Laighin	1.10pm
11	Satharn 23 Nollag	Connachta v Ulaidh	7.20pm
11	Máirt 26 Nollaig	Mumha v Laighin	2.45pm

CORN RUGBAÍ NA gCURADH AGUS CORN AN DÚSHLÁIN 2016/2017

Buaicphointí ar TG4 gach deireadh seachtaine imeartha

Is ag TG4 atá cearta eisiacha iarchraolta teilifíse in Éirinn ar chluichí sa dá príomh-chomórtas Eorpach do rugbaí na gclub: Corn Rugbaí na gCuradh agus an Corn Dúshláin.

Beidh trí cinn de na cúigí Éireannacha i gCorn na gCuradh an séasúr seo chugainn Aguss an tarraingt déanta do na Grúpaí sna luath-bhabhtaí agus beidh **Ulaidh** i nGrúpa 1 le Wasps, La Rochelle agus Harlequins. Beidh **Laighin** i ngrúpa 3 le Exeter, Montpellier agus Glaschú,. Beidh **Ulaidh** i ngrúpa 2 le Wasps, Toulouse agus Zebre. Is i ngrúpa 4 a bheidh **Mumha** le Racing 92, Leicester Tigers agus Castres.

Is i gcomórtas Chorn an Dúshláin a bheidh **Connachta** agus is i ngrúpa 5 atá siad tarraingthe do na luath-bhabhtaí, le Brive, Worcester agus Oyannax.

Is ar na deiridh seachtainí seo a leanas a imreofar cluichí grúpa sna comórtais thuasluaite, 12-15 Deireadh Fómhair, 19-21 Deireadh Fómhair, 7-10 Nollaig, 14-17 Nollaig.

Craolfar buaicphointí imeartha ar TG4 gach deireadh seachtaine acu sin.

Na Cluichí Gaelacha ar TG4

GAA BEO

An Fómhar seo beidh, mar is gnách, beochraoladh eisiach ag TG4 ar Chluichí Ceannais na hÉireann san Iomáint faoi 21, ar Chraobhacha TG4 i bPeil na mBan maraon le cluichí ceannais contae agus na tús-bhabhtaí i gCraobh Club AIB.

Satharn 2 Meán Fómhair: Beochraoladh eisiach ar Chluichí Leathcheannais na hÉireann 2017 i gCraobh TG4 i bPeil na mBan.

Domhnach 3 Meán Fómhair

12.45pm Beo-chraoladh eisiach ar **Chluiche Ceannais Mionúir Iomána na hÉireann, Gaillimh v Corcaigh**

6.45pm Cluiche Ceannais Sinsear Iomána na hÉireann, iarchraoladh ar iomlán na himeartha, **Gaillimh v Port Láirge** le tráchttaireacht Ghaeilge ó Gharry Mac Donncha.

Satharn 9 Meán Fómhair

2.15pm Beochraoladh eisiach ar Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann, faoi 21, urraithe ag Bord Gáis Energy, **Cill Chainnigh v Luimneach**

Domhnach 17 Meán Fómhar

12.45pm Beochraoladh eisiach ar Chluiche Ceannais Mionúir Peile na hÉireann.

7:15pm Cluiche Ceannais Sinsear Peile na hÉireann, iarchraoladh ar iomlán na himeartha le tráchttaireacht Ghaeilge ó Gharry Mac Donncha.

Domhnach 24 Meán Fómhair

11.40pm Cluichí Ceannais na hÉireann i gCraobh TG4 i bPeil na mBan. Na trí chluichí, Sóisear (11.24am), Idirmheánach (1.45pm) agus Sinsear (4pm) á chur i láthair ag Gráinne McElwain.

Domhnach 1, 8, 18 Deireadh Fómhair

2pm Beochraoladh ar chluiche ceannais contae gach Domhnach

Gach Domhnach ó 23 Deireadh Fómhair go 4 Nollaig ag 2 pm

Beochraoladh agus iarchraoladh ar chluiche peile nó iomána ó Chraobh Club AIB.

GAA 2017

Uair an chloig de bhuaicphointí ó chluichí móra an deireadh seachtaine. Gach Luan 8pm.

Réalta Pheil na mBan 2017

Clúdach ar ócáid mhór shóisialta na bliana ag Peil na mBan, tráth a bhfógraítear foireann Réalta na Bliana seo i láthair aíonna speisialta, maithe agus mór-uaisle an Chumainn agus na himreoirí féin.

Laochra Gael

Séasúr eile de chuimhní cinn agus ómós do mhór-imreoirí peile agus iomána ón am atá caite. Tugann na himreoirí féin, a gcomhghleacaithe, a gcéilí comhraic agus tráchtairí aitheanta a mbreithiúnas féin orthu le cabhair ó mhíreanna ón gcartlann spóirt dá gcuid imeartha. Don séasúr seo, tá na laochra seo a leanas á gceiliúradh: **Henry Shefflin** (Cill Chainnigh), **Lar Corbett** (Tiobraid Árann), **Aisling Thompson** (Coraigh), Mickey Harte (Tír Eoghain) agus **Graham Geraghty** (An Mhí).

Cispheil Beo Beochraoladh eisiach ar chluichí ceannais na gCorn in Eanáir 2018.

Féile Rásaíochta Lios Tuathail 11-15 Meán Fómhair

Tá Féile Lios Tuathail ar cheann de bhuaiceanna rásaíocht chapall na hÉireann, ócáid ar leith i bhféilire shóisialta agus chultúrtha an Iardheiscirt atá á reachtáil anois le 159 bliain Arís i mbliana, beidh Seán Bán Breathnach agus ceamaraí TG4 ann lena bheochraoladh, chúig lá as a chéile. Craolfar 45 rás ar fad le tráchtairacht ó Mhicheál Ó Sé agus anailís ó Mánus Ó Conghaile agus tuairiscí agus agallaimh ó Mhick Ó hUallacháin agus Síle Ní Dheargáin.

Is é an Guinness Kerry National Steeplechase ar an gCéadaoin buaic na féile, rás ar fiú €160,000 é agus is í an Aoine 15 Meán Fómhair Lá na mBan, ócáid a mheall beagnach 30,000 duine chuig na rásaí ar an lá seo anuraidh.

Beochraoladh ar TG4 gach iarnóin.

Rás Aigéan Volvo: Beochraoladh agus buaicphointí ó thús go deireadh an ráis seo timpeall an domhain, 45,000 míle farraige siar ó Alicante na Spáinne ag tosú 22 Deireadh Fómhair agus ar ais go ceann cúrsa sa Hág san Ísiltír.

On the Limit Sports (Motorsport Ireland): Clár seachtainiúil buaicphointí do lucht leanta railí sa tír seo. Gach maidin Shatharn.